

Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe LEADER 2014-2020 “Léiriú Spéise” á lorg do Chúnamm Deontais Pobail €100,000 i gCeantar Bardasach Ghuaire/Chill Mhucraise

Tá “Léiriú Spéise” á lorg anois ag Forbairt Áitiúil Loch Garman (WLD) ó iarratasóirí i gCeantar Bardasach Ghuaire/Chill Mhucraise ar mian leo tabhairt faoi anailís agus forbairt chun ionaid phobail a fheabhsú nó a fhorbairt. Bheadh na tionscadail seo a leanas incháilithe; comhairliúcháin phobail, staidéar indéantachta agus pleananna forbartha.

Caithfidh iarratasóirí próiseas iarratais dhá chéim a chomhlánú:

- Céim 1: Foirm “um Léiriú Spéise” a chomhlánú agus a sheoladh ar aghaidh, agus déanfar an cinneadh cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an togra cuspóirí Straitéis Forbartha Áitiúil Loch Garman agus an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER.
- Céim 2: Tabharfar cuireadh d’iarratasóirí a n-éiríonn leo ag Céim 1 chun iarratas iomlán a sheoladh ar aghaidh ina bhfuil costálacha mionsonraithe, plean forbartha pobail agus cáipéisíocht ghaolmhar, faoi mar a theastaíonn. Má bhaintear céim an iarratais amach, ní thugann sin le fios go mbronnfar deontas ort mar gheall gur próiseas iomaíoch é.

Tabhair faoi deara, le do thoil: Cé gurb é an cúnamm deontais uasta incháilithe d’aon tionscadal aonair €30,000, nuair a chuirtear san áireamh gur próiseas iarratais iomaíoch é seo, is dócháil go mbeidh an cúnamm deontais uasta a bhronnfar ar aon tionscadal níos lú ná an méid seo.

Tá foirmeacha um Léiriú Spéise ar fáil lena n-íoslódáil ó www.wld.ie/leader.

Is é an spriocdháta chun foirmeacha um léiriú spéise comhlánaithe, sínithe agus dátaithe a fháil 12 meán lae Dé hAoine, an 24 Eanáir 2020.

Chun teacht ar bhreis faisnéise ar chritéir cháilitheacha, an cháipéisíocht eile atá ag teastáil, amfhrámaí tásca, etc., seol ríomhphost, le do thoil, chuig: leader@wld.ie nó tabhair cuairt ar www.wld.ie



Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020

Co-funded by the Irish Government
and the European Union

Cistithe ag an Roinn
Forbartha Tuaithe agus Pobail